# STOP EISEACHADADH

# DESSIE ELLIS AR STAILC OCRAIS



Dessie Ellis

Rugadh (1953) agus tógadh Dessie Ellis i bhFionnghlas i mBaile Átha Cliath. Bhí a ghnó féin aige - siopa deisiuchán teilifíse ar chíos i Sráidbhaile Fhionnghlaise. D'imir sé peil go háitiúil agus tá an-suim aige i gcúrsaí spoirt agus i dteangacha, go háirithe Gaeilge.

Is iar-Chathaoirleach Dessie Ellis ar chraobh Thomás Mhic Gabhann (Chonradh na Gaeilge). Ar an 13 Bealtaine 1981 rinne an brainse speisialta dian-chuardú ar trí theach i mBaile Átha Cliath agus iad ag feidhmiú faoin Acht um Chionnta in Aghaidh an Stait. Gabhadh Dessie Ellis agus cuireadh ina leith pleascán a bheith ina sheilbh aige. Ní pleascán ach pairteanna leictreonach a bhí aige, pairteanna a duirt na cúisitheoirí a usaideann Óglaigh na hÉireann mar ghleas ama do bhuamaí. Ghlac an chúirt, gan-ghuire leis an argóint seo. Bhí sé soilear le linn a chas go raibh Dessie faoi airdeall ag na gardaí ó thús Eanair 1981 go lá an chás. Scaoileadh amach ar bhannaí e ar choiníoll go scaoilcadh sé lena phas agus go dtabharfadh sé tuairisc ar fein trí huaire sa tseachtain do na gardaí.

Bhris sé a bhannaí ar an 4 Feabhra 1982 agus gabhadh é dhá lá níos deanaí ag iarraidh an teorainn a threasnú idir Ceanada agus Stait Aontaithe Meiriceá, le pas breagach.

Tar eis Dessie Ellis a choimead ar feadh breis is bliana, dibríodh é go hÉireann, ar an 3 Márta

1983. Ciontíodh sa chúirt speisialta é agus tá sé i bpriosún Phort Laoise ó shin.

Ar an 27 Aibreán 1989, lá sular raibh sé i dteideal bheith saor, tógadh go dtí staisiun na ngardaí sa 'Bridewell' é faoi ordú an tAire Dlí agus Cirt, Gerry Collins, áit ar cuireadh dhá bharántas ina aghaidh:

(I) "Had control of explosive substances within Britain during the period from January 1, 1981 go October 27, 1983," and

(II) "Conspired with others to cause explosions in Britain during the same 34 month period."

Ach déir na gardaí go raibh Dessie Ellis faoi airdeall, sa phriosúin agus ar bhannaí ó Eanair 1981 - 4 Feabhra 1982, agus bhí sé gabtha i Meiriceá ón 6 Feabhra 1982 - 2 Marta 1983.

Tá Dessie Ellis ag feitheamh anois ar achomharc an Chúirt Uachtaraigh ar cheist eiseachadadh go dtí na Breataine. Thosaigh sé stailc ocrais ag meán oíche an 9 Deireadh fomhair, é 1990 ag eileamh nach ndeanfai eiseachadadh go dtí an Bhreatain air. Tá sé soileir ó chasanna 4 Guildford, 6 Birmingham, 3 Winchester, 7rl. nach feidir le saoránach Éireannach cothrom na féinne a fháil faoi choras dlí Shasana.

Is feidir cás a thabhairt ina aghaidh faoin Acht um an Dlí Coiriúil in Éirinn - in ainneoin a easpa muiníne san choras dlí agus cirt in Éirinn ta Dessie Ellis sásta dul sa tseans faoin dlí seo.

## Do thacaíocht:

**Is feidir leis an Aire Dlí agus Cirt, faoi Alt 50, Acht um Eiseachadadh, Dessie Ellis a scaoileadh saor. Éileann muid ort scriobh chuig an tAire Dlí agus Cirt no labhairt le do T.D. aitiuil.**

- Choiméadann dhá thír deag an mír "saorú do chúis pholaitiúil": An Danmhairg, an Eilbhéis, an Iorua, an Fhrainc, an Gearmáin, an Bheilg, an Iodáil, an Isiltír, an Chipir, an tSualainn, an Phortaingéil agus an Ioslainn.
- Ní dhéanfaidh ocht dtír a saoránaigh féin a eiseachadadh: An Bheilg, an Fhrainc, an Ghermáin, an Eilbhéis, an Ghréig, an Ostair, an Isiltír agus an Chipir.
- Ní dhéanfaidh naoi dtír a saoránaigh féin a eiseachadhadh le cur faoi thraiail i gCúirteanna Speisialta (m.sh. Diplock).